Vacsaín do Mheiningeacocúil C
Eolas le haghaidh Tuistí

Cad is Meiningeacocúil C ann?
Is ionann Meiningeacocúil C (Men C) agus galar trom cruthaithe ag baictéir ar a thugtar neisseria meningitidis serogroup C. Áiríonn na siomptóim den ghalar Men C fiabhras, muineál righin, tinneas cinn, tinneas alt agus gríos.

Conas a scaiptear galar Men C?
Is galar tógálach é Men C. Cónaíonn na baictéir i srón agus i scórnach daoine daonna. Scaiptear an galar tríd an aer le duine ag tógáil na baictéar ag casachtaigh, ag sraothartach nó fiú amháin ag análadh.

Céard iad na galair a bhíonn mar thoradh air?
D'fhéadfadh Men C galair troma a chruthú ar a n-áirítear:
Meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn)
Seipticéime (nimhiú fola)

Cé hiad na daoine is mó atá faoi phriacal?
Tá galar Men C is coitianta i leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Tá leanaí faoi bhun bliain amháin d'aois faoi phriacal go háirithe. Tá sé coitianta chomh maith i measc déagóirí idir 15-19 bliana d'aois..

An bhfuil vacsaín ar fáil i gcoinne Men C?
Ó 2000 i leith, cuimsítear an vacsaín Men C sa ghnáthchlár imdhíonta do leanaí. Ba chóir do leanaí a thagann ar an saol ar nó i ndiaidh an 1^{ú} Iúil 2008 an vacsaín Men C a fháil ag an am céanna is a fhaigheann siad a vacsaíní eile ag 4, 6 agus 13 mhí.

An bhfuil sé sábháilte níos mó ná vacsaín amháin a fháil ag an am céanna?
Sea, tá sé sábháilte. Bíonn na vacsaíní amaithe chun an cosaint is fearr a thabhairt do do leanbh.

An bhfuil teanndáileog Men C ag teastáil ó mo leanbh?
D'fhonn cosaint breise a thabhairt i gcoinne ionfhabhtaithe Men C, ba chóir do do leanbh teanndáileog Men C a fháil ag an am céanna is a fhaigheann siad a vacsaín "Hib" ag 13 mhí d'aois.

Céard a tharlóidh tar éis don vacsaín a bheith tugtha?
D'fhéadfadh roinnt leanaí fulaingt le míchompord, deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh. D'fhéadfadh sé/sí a bheith cantalach agus d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein do leanaí a thabhairt dó/di. Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach mbíonn a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

Men C - Irish

Cé hiad na daoine nár chóir dóibh an vacsaín Men C a fháil?

Is beag duine nár cheart dó/di an vacsaín Men C a fháil. Níor cheart do do leanbh an vacsaín a fháil má tháinig fíorfhrithghníomh ailléirgeach air/uirthi (anaifiolacsas) de bharr vacsaíne a fuair sé/sí roimhe sin nó aon chuid de vacsaín.

Tugann an vacsaín Men C cosaint amháin i gcoinne meiningíteas Men C agus seipticéime cruthaithe ag ionfhabhtú meiningeacocúil C. Tá cineálacha eile de na galair seo ann, mar sin tá gá ann go mbeadh aithne agat ar na siomptóim a bhaineann leo. D'fhéadfaidís seo a áireamh:

- Fiabhras
- Ag diúltú bia
- Craiceann meathbhán nó le flioscaí air, spotaí nó gríos
- Tuirse nó deacrachtaí chun múscailt

Más rud é go bhfuil tú buartha faoi do leanbh, cuir fios ar do dhochtúir teaglaigh gan mhoillI.

Chun a thuilleadh eolais a fháil

Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí.

- Faigh cóip de **Imdhíontaí do linbh – treoir do thuistí** ó d'altra sláinte poiblí
- Tabhair cuairt ar www.immunisation.ie nó www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú
Dáta foilsithe: Aibreán 2008
Cód Ordaithe: HNI00511